# Guth Ghoill

Luach € 2.00




Céim Aniar Teoranta, Áras Ros Goill, Na Dúnaibh, Tír Chonaill.
Fón: 074 9154830 / Facs: 074 9154830 / Ríomhphost: ceimaniar@eircom.net

# An Clár


| | |
|---|---|
| Oíche Nollag<br>Ar Thaithí Oibre | 2 |
| Siopaí Ros Goill sa tSean-Am | 3 |
| An Domhnach | 6 |
| Coláiste Loch Súilí i nGleann Bharr | 7 |
| Feadaímó | 13 |
| Turas Fada ó Ransboro go Nordkapp | 15 |
| Micheál Mac Aodha | 17 |
| Coiste na mBailte Slachtmhara sna Dúnaibh | 18 |
| Deis a Labhartha | 19 |
| Féile Chéim Aniar 2014 | 20 |


## Oíche Nollag

Le coinnle na n-aingeal tá an spéir amuigh breactha,
Tá fiacail an tseaca sa ghaoith ón gcnoc,
Adaigh an tine is téir chun na leapan,
Luífidh Mac Dé ins an tigh seo anocht.

Fágaidh an doras ar leathadh ina coinne,
An mhaighdean a thiocfaidh is a naí ar a hucht,
Deonaigh scíth an bhóthair a ligint, a Mhuire,
Luíodh Mac Dé ins an tigh seo anocht.

Bhí soilse ar lasadh i dtigh sin na haíochta,
Cóiriú gan caoile, bia agus deoch,
Do cheannaithe olla, do cheannaithe síoda,
Ach luífidh Mac Dé ins an tigh seo anocht.

*Máire Mhac an tSaoi*

*Ba mhaith le Céim Aniar Beannachtaí na Nollaig agus Athbhliain faoi mhaise a ghuí oraibh uilig.*

## Ar Thaithí Oibre le Céim Aniar



Micheál Ó Coileáin is ainm dom. Tá mé sé bliana déag d'aois agus tá mé san idirbhliain i bpobalscoil Loreto i mBaile na nGallóglach. Is bliain roghnach an idirbhliain a thig leat a dhéanamh i ndiaidh an teastais shóisearaigh.

San idirbhliain déanann na daltaí gach ábhar agus cuidíonn sin duit rogha na n-ábhar don teastas sinsearach a phiocadh. Bíonn modúil éagsúla i gceist agus ábhair nach mbeadh deis agat a dhéanamh sna gnáth bhlianta, cosúil le hirisleabhar don scoil, a bheith páirteach sa chór, rang giotáir a dhéanamh nó rang Sínigh (Chinese). Chuir mé fhéin iarratas isteach le bheith ag obair ar an irisleabhar agus fuair mé post mar eagarthóir. Ciallaíonn sin go gcaithfidh mé gach alt a léamh agus eagarthóireacht a dhéanamh air sula dtéann sé isteach san irisleabhar. Tagann an Irisleabhar amach roimh dheireadh na scoilbhliana.

San Idirbhliain caitheann gach dalta taithí oibre a dhéanamh gach Aoine agus rinne mise mo thaithí oibre le Céim Aniar. Thosaigh mé ag obair san oifig i Meán Fómhar agus beidh mé críochnaithe anseo ag an Nollaig. Faighim gach sórt taithí le Céim Aniar. Lear den am bím ag obair ar an ríomhaire ag déanamh póstaeir, ag obair ar an bhunachar sonraí agus ag cur ábhar le cheile do na ranganna. In amanna eile bím thíos sa choláiste ag obair le hábhar stáitse do na drámaí.

Shocraigh mé ar Chéim Aniar do mo thaithí oibre mar bhí fhios agam an sórt oibre a bhí ar siúl acu. Ghlac mé páirt sna himeachtaí agus sna drámaí nuair a bhí mé ar an bhunscoil. Ceapaim gur chuidigh mo chuid ama ar thaithí oibre le Céim Aniar le mo chuid Gaeilge.

## Siopaí Ros Goill sa tSean-Am

Ar feadh tamaill bhig anuraidh ní raibh siopa ar bith oscailte anseo sna Dúnaibh agus chuir sin muid ag smaointiú ar na siopaí uilig a bhí sa cheantar san am a chuaigh thart. Tá muid ag bailiú eolais faoi na siopaí faoi láthair agus má tá pictiúir nó scéalta agaibh faoi na siopaí nó faoi na daoine a bhí ina mbun, bheadh muid buíoch dá gcuirfeadh sibh iad chugainn.

### Siopa Mhicí Mháire



Ba é Micí Mháire (Ó Siadhail) a d'oscail an siopa seo i nDoire a' Chasáin. Bhí muileann ag Micí uair amháin fosta thíos ag bun Mhallaigh an Mhuilinn ar thaoibh na láimhe deise, roimh an droichead agus bhí bacús aige thuas in aice le teach Dhoiminic O' Ceallaigh / Mary Friel, os cionn Chladach na nDúnaibh.

Bhí Micí pósta ar Chití Ruairí as Doire a' Chasáin Beag. Cha raibh teaghlach ar bith acu. Fuair Micí bas leis an fliú mór in am an chéad chogaidh dhomhanda. Lean Cití leis an tsiopa agus chuir sí scéala chuig Julia Nic Pháidín, (iníon Johnny, dearthair a fear céile) teacht ag obair dí. Ba anseo a tógadh mic Julia, sin Jack agus Hugo Mac Pháidín.

Mar atá le feiceáil ón pháipéar ceannchlóite a bhí acu ag an am, díoladh achan sórt stuif sa siopa seo, ó ábhar grósaera, éadaitheoireacht, pairifín, min d'achan sórt, gléis craolacháin, crua-earraí agus ábhar iascaireachta. I rith an gheimhridh, ba ghnáth le lear de mhuintir na háite teacht agus cártaí a imirt sa stór os coinne an tsiopa agus ba mhinic a bheadh achrann de thairbhe ceilte.




Fuair Cití Ruairí bás i mí Aibreáin 1958 in aois 99 bliain agus 9 mí. Lean Julia leis an siopa agus ba mhinic a gheofá a dearthár, an t-Athair Seán Ó Siadhail agus é i rith an ama mar chigire eaglasta do Dheoise Rath Bhotha, ar chúl an chuntair sa tráthnóna nó ag an deireadh seachtaine, ag cló-bhualadh leabhair éigin agus ag díol earraí ag an am céanna. Bhí an siopa ag trádáil faoi ainm J & J Shields ar feadh blianta fada.

Bhí suim í dtólamh ag an Athair Ó Siadhail i gcúrsaí iascaireachta agus san fharraige agus bhí sean tarchuradóir (transmitter) aige thall sa stór os coinne an tsiopa agus bhí sé ábalta labhairt le Charlie John Nochaí nuair a bheadh seisean amuigh ag iascaireacht ar an bhád "Ros na Cille." Sular tógadh Teach Pobail Stella Maris, ba mhinic a thagadh na comharsana chuig an Aifreann a bhí a cheiliúradh ag an Athair Ó Siadhail sa teach achan Domhnach.

Sa phictiúr thíos tá Cití Ruairí, Manas a'Phost agus Mairín Nic Pháidín ar ghlún Chití taobh amuigh den siopa i nDoire a Chasáin sa bhliain 1947.



Go gairid i ndiaidh an guthán a bheith curtha isteach, tháinig fear de bhunadh na háite isteach sa siopa lá amháin agus d'iarr sé ar Julia scairt a chur ar an 'vit'. Bhí Julia ag plé le custaiméir agus dúirt leis imeacht síos go dtí 'n halla agus scairteadh air é fhéin. Nuair nár phill sé, chuaigh sí síos go bhfeiceadh sí caidé a bhí ag tarlú. Agus le linn dí a bheith ag tarraingt ar an láthair ina raibh an guthán, mhothaigh sí an bhéiceach. Nuair a d'oscail sí an doras, bhí m'fhear trí shlat on ghuthán agus é ag béicigh leis an ghuthán ar an tseilf, "are ya there vit, vit, are ya there"? Cha chreidfeadh aos óg an lae inniu nach dtiocfadh le fear fásta úsáid a bhaint as ghuthán.

Sa bhliain 1961 chuaigh Julia agus Bídí Antain ar oilithreacht go Lourdes le Deoise Rath Bhotha agus ar an bhealach 'na bhaile, bhí timpiste ag an eitleán agus tháinig sí anuas ar Bhóthar Swords in aice le




hAerfort Bhaile Átha Cliath. Ádhúil go leor, tháinig achan duine slán. Cúpla seachtain ina dhiaidh sin, tháinig fear aráin as Leitir Ceanainn, Jackie Houston, isteach 'na tsiopa agus píosa den chabhail (fuselage) leis agus d'fhiafraigh sé dí ar mhaith léi giota de a cheannacht. Cha raibh sí i bhfad ag insint do caidé ba cheart do a dhéanamh leis!

Nuair a ceapadh an t-Athair Ó Siadhail mar Shagart Paróiste i nGort a' Choirce in 1962, bhog Julia go Gort a' Choirce chun oibriú mar bhean a' tí dá dearthár agus druideadh agus díoladh an siopa. Tá se anois ina theach cónaithe.


## Siopa Sheáin Mhóir

Bhí Siopa Sheáin Mhóir i gCnoc an Dúin, in aice leis an Bhaile Úr, ag Clann Uí Ghallchóir. Sally agus a deartháir Micí is mó a bhíonn luaite leis an tsiopa, agus ina ndiaidh Johnnie agus Sarah Ó Dochartaigh. I dtús an fichiú aoise, bhí an siopa seo ag díol achan chineál earraí, bia, ábhar tógála, ola, éadaí, riachtanaisí feirme agus eile. Bhí seisear deartháir ag Sally, agus bhí beirt acu, Simon agus



*Johnnie Ó Dochartaigh, Joe Campbell agus Sally Sheáin Mhóir*

Hughie sna Stát Aontaithe ar feadh tamaill. Bhí Simon pósta le Hannah (as Doire), agus tháinig siad agus Hughie ar ais 'na bhaile, agus is dócha gurb iadsan a thóg an teach dhá stór atá ansin go fóill. Bhí an siopa i dteach aon stór, ach leagadh an foirgneamh sin blianta ó shin agus níl rian de fágtha.



*Ina seasamh ó chlé tá John Den Dhonie, Peadar Ó Gallchóir (Deartháir Sarah), Johnny Doherty, Sarah Gallagher (Doherty) agus Mary McDaid. Ina suí tá Marcas Mac Laifeartaigh, Molly Gallagher (deirfiúr Sarah) & Barbara Doherty ar a glúin.*



*Eileen & Máire lena n-aintín, Máire, ar chúl an tsiopa i 1954.*



*Sarah Ní Ghallchóir (Doherty) 1918 - 1952*

Bhíodh daoine fostaithe ag muintir Uí Ghallchóir, le cuidiú sa tsiopa agus sa teach. Ba as Doire Johnnie Ó Dochartaigh, agus tháinig sé le obair sa tsiopa, áit a raibh sé ar feadh blianta. Phós sé Sarah Ní Ghallchóir as Cnoc an Mharmair, a bhí muinteartha do mhuintir an tí, agus de réir a chéile, ghlac said cúram an tsiopa orthu féin. Bhí an siopa mar áit chruinnithe do na comharsana, agus bhí Johnnie fosta gníomhach le Cumann Peile na nDúnaibh agus bhíodh cruinnithe an chumainn sa tsiopa. Bhí veain bheag ag Johnnie, agus bhíodh sé ag dul thart ag díol eisc.

Bhí ceathrar clainne ag Sarah agus Johnnie, Barbara, Terence, Máire agus Eileen. Fuair Sarah bás sa bhliain 1952, gan í ach 34 bliain d'aois. I ndiaidh a báis, d'éirigh Johnnie as an siopa agus chuaigh go Sasana le slí beatha a bhaint amach agus tháinig deirfiúr Sarah, sin Máire, le haire a thabhairt don chlann. Chuaigh an chlann uilig le múinteoireacht, agus tá Barbara agus Eileen i Londain agus Máire ar an Fhál Carrach. Bhí Terence ag teagasc i Sasana fosta, ach tháinig sé féin agus a theaghlach abhaile go Cnoc an Dúin sna ochtóidí. Fuair sé bás go tobann sa bhliain 1997.



*Johnnie Doherty 1900 - 1971*



*Terence*




*Pictiúr ó Fred Foulkes (Fear céile Barbara)*

# An Domhnach

Tá sé greannmhar go bhfuil a gcuid cuimhní féin ag achan duine ar a n-óige agus ar eachtraí a tharla ag an am agus ba é an Domhnach, a thuig mise, an lá ba thábhachtaí sa tseachtain san am. Bhí béim curtha ar an troscadh ag an am agus mar nach raibh Aifreann an tSathairn againn bhí troscadh le déanamh ón oíche roimh ré do dhuine ar bith a bhí ag smaoineamh ar an Chomaoineach Naofa a ghlacadh.

Thosaigh an t-ullmhúchán don Domhnach i ndiaidh am dinnéir ar an Satharn tí s'againne nuair a bhí mé ag fás aníos. Is dócha go raibh sé mar an gcéanna in achan teach ag an am. Bhí an mhóin agus an t-uisce le tabhairt isteach, bhí na bróga le glanadh agus snas le cur ar an teach. Nuair a thiocfadh an tráthnóna, bhí an scála le tabhairt amach agus an ghruaig le ní. Nach raibh sé iontach an méid oibre a fuarthas amach as scála uisce ag an am. Is dócha go mbeidh aiséirí ar na scálaí anois nuair atá na táillí le díol againn ar an uisce.



***Eaglais Stella Maris***

Chuaigh mise chuig Aifreann a deich a' chlog ag Bun Gáinne, Eaglais Stella Maris, ar an Domhnach de ghnáth. D'fhágfainn an teach ag a naoi ar maidin ach bheadh Paddy Mór Mhicí Rua ón Ghlíob ar shiúl an bealach mór romham i gcónaí. D'fheicteá do scáile ina chuid bróg leis an snas a bhí orthu agus é ag dul amach malaidh Chluain tSaileach. Anois, shíl mé i gcónaí gur chuir muintir Mhíobhuí ceann trasna ar mhuintir Chluain tSaileach nuair a rinne siad malairt ar an mhalaidh agus ar an Reilig. Tá an mhalaidh i Míobhuí agus tá an Reilig i gCluain tSaileach mar a shílim. Caidé do bharúil?

Bhí an siúl sin siar an seanbhealach thar Chróbaí agus suas an Mhalaidh Mhór galánta ar lá maith ach bhí sé damanta go leor nuair nach raibh an aimsir ann. Ag tarraingt ar Theach an Phobail bheadh na gasúir altóra abhus ag an tobar beag fá choinne uisce na haltóra. Shuigh mé i gcónaí i suíocháin na bpáistí sa chéad ró ag taobh na haltóra. Bhí radharc maith agam ar achan duine ag teacht isteach 'na Tí Phobail ón suíochán sin. Bhí aithne súil agam ar achan duine ón Taobh Thiar cé nach raibh a gcuid ainmneacha ar bharr mo theanga agam mar a bhí agam ar mhuintir an Taobh Thoir.

Bhí dhá doras ar an Teach Pobail ag an am, ceann do na fir agus ceann eile do na mná. Ar mo chuid sála, bhí m'uncail, Pádraig Ann as Doire Chasáin, ina shuí i gcónaí taobh istigh den doras ar thaobh na bhfear agus é ag iarraidh gáire a bhaint asam. An tAthair Mac Pháidín a léigh an tAifreann de ghnáth, le mo chuimhne. Fear beag modhúil a bhí ann agus char choinnigh sé i bhfad muid. D'inis Denis Dhonnchadh Mhicheáil dom gurbh beirt as Cluain tSaileach, é féin agus m'athair, James Ann, a thóg an t-airgead fá choinne an chéad mhí ag na hAifrinn nuair a d'oscail an Teach Phobail i 1955. Chuir sé i gcuimhne dom, fosta, gurbh é tórramh a athar an chéad tórramh sa pharóiste nach raibh oirtheal tógtha aige, ag tús Mí na Márta 1970.

Nuair a bhí an tAifreann thart, thosaigh an ruathar le fáil 'na bhaile, nó fhad le siopa Mhaggie Boyce i gCluain tSaileach ar chaoi ar bith. Rinne go leor daoine siopadóireacht na seachtaine an lá sin. Bhí toitíní agus tobac le fáil ag na daoine fásta agus bhí málaí losainseirí le fáil ag an mhuintir óg. Ghlac Maggie a ham le achan duine, bhí foighne go leor aici le muintir na háite. Bhí fhios aici go raibh am druid ann ag a haon a chlog agus go raibh an tráthnóna saor aici, an t-aon tráthnóna sa tseachtain a bhí aici di féin.

Bhí teach airneáil ag Mary Phaddy Mhór agus a mac, Denis, dara doras agus is ansin a chruinnigh na fir uilig. Bhí fíor chorr charr thart san am sin, sé sin in m'am-sa agus am Fhionn Mhic Cumhaill, agus duine ar bith le bicycle, d'fhágtaí é ag barr mhalaidh Chluain tSaileach ar a mbealach siar chun an Aifrinn agus bheinn cinnte go mbeadh siad ag tóin Tigh Phaddy Mhór faoin am a bheinn-sa ag teacht thairis. Cha raibh páipéir nuachta ar bith á ndíol ag Maggie san am ach bhí nuacht úr ar bith a chuala siad á phlé agus á scaipeadh ann agus cha raibh gá ar bith le páipéir. Bhí callán agus craic i gcónaí fán teach sin ar an Domhnach.




***Teach Phaddy Mhóir i gCluain tSaileach***

Cha raibh barraíocht deifre orm siar thar Bhearnaí an Char chun an bhaile i ndiaidh mo thuras. Bhí an tae le déanamh agus sula mbeadh dinnéar an Domhnaigh réidh, bhí an cúram céanna ag m'athair achan Dé Domhnaigh fan am seo, bhí an chlog le réiteach don tseachtain agus ina dhiaidh sin cuireadh tús le rotha mór an tsaoil go dtí an chéad Domhnach eile.

*Fia Ann*

## Coláiste Loch Súilí i nGleann Bharr



Bunaíodh Coláiste Loch Súilí i sean-Scoil Náisiúnta Uí Ghallchobhair i nGleann Bharr i bhFánaid i dTír Chonaill leathchéad bliain ó shin cothrom i 1964. An bhliain roimhe sin bhí mé le meitheal múinteoirí ag teagasc sa Choláiste Samhraidh in Anagaire le Gordon Mac Giolla Fhinnéin.

Meitheal as miosúr maith a bhí ins an fhoireann teagaisc sin. Chan amháin go raibh siad maith mar mhúinteoirí ach sula raibh an cúrsa sin thart bhí plean leagtha amach acu le coláiste úr-nua a thoiseacht i nGleann Bharr. Ba é Pádraig Mac Aodha, múinteoir óg bunscoile as Cluain Máine in Inis Eoghain a mhol coláiste Gaeilge a bhunú sa Ghleann, áit á bhfuair sé a bhunscolaíocht fhéin leis an Mháistir Dónal Mac Eiteagáin. Bhí clú agus cáil ar Dhónal mar mhúinteoir agus bhíodh páistí ar an scoil aige ó chian is ó chóngar de thairbhe a chlú sin aige. Is de thairbhe an eolais a bhí aige faoin Ghleann a rinne Pádraig a mholadh agus is é is mó ‘ba chúis leis an choláiste ‘bheith ann. Ar ndóigh is é Pádraig an chéad duine a bheirfeadh aitheantas do iarrachtaí gach duine eile a chuidigh ar bhealach ar bith. Arís is de thairbhe an eolais uilig atá ag Pádraig a d’iarr mé air alt a scríobh don iris seo.

Ba i 1964 a leag mise cos ar Ghleann Bharr don chéad uair. Ainneoin gur ceantar deas é níor shíl mé go raibh sé comh deas le ceantair Ghaeltachta eile a raibh mé cleachtaithe leo, mar shampla, Ros Goill, Na Rosa nó Gaoth Dobhair. A mhalairt de scéal a bhí ann maidir le pobal na háite, áfach, mar níl a shárú mar phobal le fáil in áit ar bith. Mise ‘ba lú den choiste bunaithe a chaith am i nGleann Bharr mar nach raibh mé ag teagasc ann ach i 1964 agus 1965. Pósadh mé agus ball eile den fhoireann teagaisc, Máiréad Ní Chonbhuí, i mí Iúil 1966 agus chuaigh an bheirt againn i mbun postanna agus cúramaí úra. Mar sin fhéin mhair an cairdeas idir muid agus daoine as an áit anuas go dtí an lá inniu féin.

Bhí ábhar mór eile spéise agam féin agus b’shin an t-ainm Scoil Náisiúnta Uí Ghallchobhair. Chan é amháin siocair gur Gallchobhair mé féin ó thaobh na dtaobhanna ach hainmníodh deartháir dom féin i ndiaidh an Easpaig Uí Ghallchobhair sin, a bhí ina Easpag ní amháin ar Dheoise Dhoire ach a bhí ceaptha ag an Phápa ina leas-Phríomháidh ar an Eaglais don tír ar fad. De bhunadh Chonallach, bhí an tEaspag Réamonn (1521-1601) ar dhuine de sheisear Gallchobhairí ar a laghad a bhí ina n-easpaig ach ba é ba mhó clú de thairbhe an méid a rinne sé ar son na hEaglaise ag am a raibh géarleanúint mhillteanach ar siúl ina héadan, agus go háirithe fosta ar son an méid a rinne sé ar son a raibh fágtha de Chabhlach Armada na Spáinne. Tá cur síos an-fhairsing ar na rudaí seo uilig ar Thaifead Eaglasta na hÉireann agus tá tagairtí don Easpag Réamonn fosta in Annála na gCeithre Máistrí ach ní fios domsa go bhfuil a chuimhne ceiliúrtha in áit ar bith eile ach Gleann Bharr agus Doire, ar ndóiche, áit a bhfuil dhá leac cuimhneacháin ina chuimhne, taobh amuigh de theach Phobail Naomh Columba ag an Túr Fhada. Craobhacha den A.O.H. a thóg na leaca seo ag amanna difriúla. Ar cheann amháin de na leaca seo tá sé scríofa gur colceathair a bhí san easpag le hAodh Rua Ó Domhnaill. I ndiaidh bás an Easpag Uí Ghallchobhair, bhí Doire gan Easpag go ceann céad agus naoi mbliana déag. B’fhéidir gur ábhar sásaimh a bheadh ann dó go bhfuil comharsa dá chuid mar Easpag Dhoire, an tEaspag Dónal Mac Eoin, ag ceiliúradh seal a chaith sé i gcoláiste a bhí ar bun i Scoil Náisiúnta Uí Ghallchobhair.

Chaith an t-Easpag Ó Gallchobhair cuid mhór dá shaol mar easpag ar a sheachaint ó shaighdiúirí Sasanacha. D’éirigh seo níos deacra de réir mar bhí sé ag dul anonn in aois agus sa deireadh thángthas air agus cuireadh chun báis é.

Ba mhaith a b'fhiú do dhuine a bhfuil spéis aige sa scéal seo an Taifead seo a léamh ar an idirlíon faoi "Irish Ecclesiastical Records".

De réir an Taifid is cosúil gur ag Cill Aodha, ag an teorann ar cheann de na bealaigh idir Doire agus Leitir Ceanainn, a maraíodh agus a cuireadh an tEaspag Ó Gallchobhair. Is ar an 15ú de mhí an Mhárta, 1601 a fuair sé bás.

Ar an 13ú lá de mhí na Samhna bhí Easpag úr Dhoire ag caint i gColáiste Mhic Aoidh i nDoire faoina chuimhní mar mhac léinn ag freastal ar Choláiste Loch Súilí Ghleann Bharr, a bhí ar siúl i Scoil Náisiúnta Uí Ghallchobhair i 1964.

*Peadar Ó Gallchóir*

**Coláiste Loch Súilí, Gleann Bharr. 1964-1984**

Ba é Peadar Ó Gallachóir, ó chathair Dhoire a mheabhraigh dom le gairid go bhfuil caoga bliain imithe ó bunaíodh Coláiste Samhraidh Loch Súilí, i nGaeltacht Ghleann Bharr. "Ba cheart duit do chuimhní cinn ar an Choláiste agus ar an Ghleann féin 's ar bhunadh na Gaeltachta sin, a bhreacadh síos", arsa Peadar liom. Caoga bliain! Ach nár chaitheas féin an méid céanna ama ag dul don mhúinteoireacht i scoileanna éagsúla i bParóiste Mhálanna in Inis Eoghain agus 'na dhiaidh sin I nDroichead Átha, mar a bhfuil cónaí orm faoi láthair? Tempus fugit, gan aon amhras. "Tabhair faoi", arsa mo bhean chéile, Máire, liom - ag síneadh pinn 's páipéir chugam. Scríobhas, go díreach mar a chuimhníos ar na blianta '64 – '84 agus, is dócha, nach bhfuil ord ná eagar ceart ar na smaointe céanna. Ach seo iad, ar aon nós.



*Coláiste Anagaire - Mí Iúil 1963*
*Múinteoirí: Peadar Ó Gallchóir, Pádraig Mac Aodha agus Éamonn Mac Giolla Phádraig. Gordon Mac Giolla Fhinnéin (Rúnaí) chun tosaigh.*

Bhíos ag múineadh i S.N. Achaidh Cliath, i bParóiste Mhálanna, ó 1960 ar aghaidh. Tharla go raibh Seosamh Ó Gallachóir, fear uasal as Gaoth Dobhair, ag gníomhú mar phríomh-oide i S.N. Chúl Caonaigh sa pharóiste céanna liom. Is cuimhin liom gur bhuail Seosamh isteach 'na scoile chugam lá agus thug cuireadh domh teacht in éineacht leis chun téarma a chaitheamh mar mhúinteoir i gColáiste Anagaire. Ní raibh eolas nó taithí dá laghad agam ar choláistí samhraidh agus níor leagas 'riamh cos i mbaile Anagaire. Thriallas ann, mar sin féin agus ba é sin mo chéad chuairt ar an taobh sin den' Chontae.

Bhí Seosamh féin, Leon O' Broin 's a bhean chéile, Máire, as Baile Cliath agus Anraí Mac Giolla Chomhaill as Dún Geanainn ag múineadh ann sa bhliain '62 nuair a d'oscail Gordon Mac Giolla Fhinnéin an choláiste nua in Anagaire. Albanach ba ea Gordon a d'oibrigh mar léachtóir sa Léinn Cheilteach, i gColáiste na hOllscoile i mBaile Cliath. Ba fhear fíor-thaitneamhach, fíor-dhíograiseach agus fíor-éifeachtach i mbun an choláiste é Gordon agus níl mé ag dearmadú mar a chabhraigh a bhean chéile, Bríd, leis 'na iarrachtaí. Bhí grá 's eolas as cuimsitheach aige ar Ghaeilge Thír Chonaill 's bhí neart di le cloisteáil i dtimpeallacht Anagaire ag an am. Ba ó Ghordon a phioc muid suas a lán eolais ar eagrú na gColáistí Samhraidh, a chuaigh chun tairbhe go mór dúinn féin agus ár gcoláiste féin a bhunadh againn. Fuarthas féin agus ceathrar nó cúigear eile den fhoireann lóistín i dTeach Bhiddy Eoin, díreach trasna an bhóthair ó theach ('s teach tabhairne) Ghordoin. Féadaim a rá gan dabht, gur fhás an smaoineamh i dTeach Bhiddy go bhféadfaí coláiste úr-nua den chineál chéanna a bhunadh i nGleann Bharr ar bhruach Loch Súilí, i Leithinis Fhánada. B'iar-scoláirí de bhunscoil Uí Ghallchóir sa ghleann sin Cionaith Mac Suibhne agus mé féin. Bhí cónaí ar Chionaith ar Chnoc na Maoile, gar do Bhaile na nGallóglach. Maidir le baill eile den fhoireann teagaisc in Anagaire, níor chuala siad trácht ariamh ar Ghleann Bharr ach chuir siad spéis sa mhéid a bhí le rá agam féin agus ag Cionaith faoin cheantar. Cheistigh Éamonn Mac Giolla Phádraig, as Lios Darach i gCo. Mhuineacháin go géar mé. Láithreach bonn, ghlac sé seilbh ar an smaoineamh agus ní shásódh faic é ach go gcuirfeadh muid é i ngníomh. Ag tacaíocht go mór leis bhí Seosamh Ó Gallachóir, Anraí Mac Giolla Chomhaill, Peadar Ó Gallachóir, Leon Ó Broin, Máiréad Ní Chonbhuí, Cionaith Mac Suibhne agus, ar ndóigh mé féin. Níor ghlac muid aon chomhairle



*Coláiste Loch Súilí, Gleann Bharr, 1964 - Chun tosaigh ó chlé tá Leon Ó Broin, Baile Átha Cliath, Pádraig Mac Aodha, Cluain Máine, Éamonn Mac Giolla Phádraig, Lios Daragh, Mairéad Ní Chonbhuí, Oileán a' Ghuail, Peadar Ó Gallchóir, Doire agus Cionnaith Mac Suibhne, Fánaid.*

ó Ghordon féin mar gheall air, ní nárbh ionadh! "An dtaispeánfaidh tú an ceantar Gaeltachta sin dom?" arsa Éamonn. Thaispeáin, agus rinne muid teangbháil le Domhnall Mac Eiteagáin a bhí tar éis seal fada a chaitheamh mar phríomhoide ar an scoil dhá-óide sa Ghleann. Bhí Domhnall 's a neacht, Sábha, fabhrach agus an-bháúil i leith an smaoinimh. Gheall siad go dtabharfadh siad gach cabhair 's cúnamh dúinn chun coláiste nua samhraidh a bhunadh i nGleann Bharr.

Ba de thaisme agus de sheans, d'fhéadaimis a rá, mar sin, a rinneadh Coláiste Loch Súilí a bhunadh. Scaifte díograiseach de mhúinteoirí óga, lán de bhrí 's d' fhuinneamh a bhí ionainn, ag tabhairt faoin tionscnamh nua. D'fhan muid mar fhoireann le Gordon don dá thréimhse an bhliain sin, d'réir mo chuimhne. Bhí'n aimsir go haoibhinn agus bhain muid an-sult as an chuideachta. Bhí mise i dteach Mhicí Sheáin Néill, ag éisteacht le scéalaíocht uaidh oíche nuair a tháinig Vera Ní Chanainn, iarscoláire eile ón Ghleann 's cara liom, i láthair. B'fhacthas do Vera go mbeadh roinnt deacrachtaí le sárú sula bhféadfaí coláiste a bhunadh ach bhí sí go mór i bhfabhar an smaoineamh. Ní raibh aithne ag Vera go fóill ar Éamonn Mac Giolla Phádraig nó orthu siúd a bhí taobh thiar de!

Sara bhfad bhí cruinnithe a dtionól sa Scoil Náisiúnta i nGleann Bharr agus rinneadh gach gné den scéal a iniúchadh ina iomláine. Ba dhuine speisialta amach 's amach ab ea Domhnall Mac Eiteagáin. Duine uasal, cruthanta, díograiseach, cráifeach ba ea é, a chaith a shaol i seirbhís an phobail sa Ghleann. Mar mhúinteoir bhí a ainm in airde ar fud an Chontae. Nár chuala mo thuismitheoirí féin 's iad lonnaithe i gCluain Máine, in Inis Eoghain, iomrá air? Thuig Domhnall tábhacht an oideachais i saol na ndaoine agus tábhacht na Gaeilge mar theanga dá scoláirí féin. D'óibrigh sé ar son na n-ógánach sin ó Luan go hAoine agus, go deimhin, ar an Satharn 's an Domhnach go minic. Is cinnte go raibh leas a chuid scoláirí gar dá chroí. I mbun teagasc na Gaeilge, ach go hairithe, ba chríochnúil, oilte a rinne sé a chuid oibre, i bhfad thar teorainneacha na gcúrsaí oifigiúla. Níorbh ionadh go gcruthaíodh a dhaltaí chomh maith sin lá na dtrialach. An fíorbheagán Gaeilge a bhí agam féin 's baill eile dem' chlann an



*Coláiste Loch Súilí*
*Ar chúl ó chlé tá Seosamh Ó Gallchóir, Cionnaith Mac Suibhne & Pádraig Mac Aodha. Chun tosaigh tá Sábha Nic Eiteagáin, Éamonn Mac Giolla Phádraig, Domhnall Mac Eiteagáin & Anraí Mac Giolla Chomhaill.*

chéad lá a bhuail muid le Domhnall ach le foighid ’s dea-mhúinteoireacht, mheall sé chun tosaigh sinn. Leathnaigh se ár bhfoclóir agus thug tuiscint dúinn ar shaibhreas na teangan. I ríocht geal na ngrást go raibh a anam uasal.

Ach thuig Domhnall mar a thuig a lán eile, go raibh an baol ann do Ghaeltacht bheag shaibhir Ghleann Bharr. B’iad na sléibhte arda, maorga mórthimpeall an Ghleanna ’s Loch Súilí féin a choimhéad an Ghaeilge i mbéal na ndaoine nuair nach raibh aon rian de le fáil i bPort an tSalainn, ar an Chraobh, ar an Chonlann, sa Cheathrún Chaol nó sna ceantair eile máguaird. Nuair a chuir mé fúm sa Ghleann go luath sna caogaidí, Gaeilge ba mhó a bhí á labhairt ag tromlach an daonra ann – 80%, déarfainn. Ní chloistí ach Gaeilge amháin i dtimpeallacht na scoile, sa Cheathrún Reobhaigh, sna Mínte, ar Machaire Ard, i mBaile na hAbhann, i mBun na Tuinne ’s i Lurgan Breac. Chaith mé féin thar dhá mhí ar scoil gan mo bhéal a oscailt, fiú nuair á bhíodh muid ag imirt peile ar an phríomh bhóthar, taobh amuigh de gheataí na scoile le linn am sosa. Go deimhin, is ró-chuimhin liom nuair a labhair mé i nGaeilge go toiltiúil don chéad uair. Buaileadh liathróidín thar chlaí isteach i gclós theach an phobail agus, i ngan fhios dom féin, ghlaoigh me le leaid a lean í – “Caith amach chugamsa í!” Bhíos in ann Gaeilge a labhairt chomh maith le cách! agus bhí mé chomh postúil le cat siopa!

Fiú sna caogaidí bhí na hAifrinn ’s na misiúin sa Ghlean trí mheán an Bhéarla. Ghoill sin go mór orm féin ag an am. Níl amhras, mar sin, ach go raibh Gealtacht Ghleann Bharr ag caolú d’réir mar a bhí a dream óg, ach go hairithe ag tabhairt cúl le cine ’s ag déanamh neamh-shuim den Ghaeilge. Ach bhí slí amháin go bhféadfaí fós, beocht a chothú inti. Sea, bhí géar-ghá le coláiste nua samhraidh i nGleann Bharr. Bheadh mar phríomh aidhm againn ann cúrsaí a eagrú ’s a reáchtáil a chabhródh le daltaí chun Gaeilge a fhoghlaim ’s a mháistriú. Chomh tábhachtach céanna leis sin, dhéanfaimis ár seacht ndícheall chun meon an phobail i leith na Gaeilge a spreagadh ’s a fhorbairt. Agus ar éirigh linn sa mhéid sin? “Gan dabht, gan amhras, mar a deireadh an Máistir Domhnall féin go minic. Chaith muid ‘fiche bliain ag fás’ ’s ag dul ó neart go neart.

Sa bhliain ’63 b’iad na ceisteanna ríthábhachtacha maidir le Gaeltacht Ghleann Bharr a bhí le freagairt ná - “Cad é faoi fhoirgnimh ina bhféadfaí ranganna, céilithe ’s cluichí a reáchtáil? Cad é faoi chaighdeán labhartha na Gaeilge ag na mná tí ann? An bhféadfaí lóistín sásúil do bhreis ’s céad dalta agus do mhúinteoirí a ghealladh dúinn? Cad é faoi sheirbhísí uisce reatha ’s leithris ina dtithe? Agus cad é faoi ghnáth phobal an Ghleanna? An gcuirfeadh siad siúd fáilte romhainn ó shamhradh go samhradh? Gheall Domhnall ’s an tAthair Mac Giolla Chearra, a bhí ina shéiplíneach sa ghleann ag an am go bhfaighfí gach cabhair ’s cuidiú uatha le deacrachtaí a shárú, bhí linn, mar sin. Bhí muid ullamh ansin chun an chéad choláiste Gaeilge a bhunadh i Leithinis Fhánada ’s measaim go raibh Dia féin linn san iarracht.

Mar thoradh ar seo tionóladh cruinnithe sa Ghleann féin, i Rath Mhaoláin agus níos faide i gcéin, ar an Ómaigh ’s i mBaile Mhuineacháin. Bhí Éamonn Mac Giolla Phádraig an-ghnóthach le linn an ama sin agus tá ardmholadh tuillte aige. B’eisean a rinne teangbháil le Roinn an Oideachais, le Roinn na Gaeltachta, le polaiteoirí de gach dath ’s le hEaspag na Deoise i Leitir Ceanainn. Fágadh cúram na rúnaíochta faoi Éamonn ’s roghnaíodh Seosamh Ó Gallachóir ‘na chisteoir. Ceapadh Domhnall Mac Eiteagáin mar Uachtarán. B’iad Peadar Ó Gallchóir, Leon Ó Broin, Anraí Mac Giolla Chomhaill, Cionaith Mac Suibhne, agus mé féin na baill eile den choiste. Fágadh réamh-shocraithe sa Ghleann fúmsa mar go raibh na seacht n-aithne agam ar mhuintir Ghleann Bharr. D’fháiltigh Cathal Ó Cannainn ’s a bhean chéile, Maighréad, romham sna Mínte, Séan Mac Eiteagáin ’s a bhean chéile, Maighréad, chomh maith lena gclann álainn, i mBun na Tuinne, Seosamh Ó Laodhóg ’s a bhean chéile, Caitlín ar an Scalán, Cathal Ó hÁgáin ’s a bhean chéile, Caitlín ar an Mhachaire Ard, Séamus Ó Canainn ’s a bhean chéile Áine i dTír a Leadáin ’s mná tí eile as gach cearn den ghleann, gan eisceacht.

D’fhreastail ógánaigh nó “students” mar ab fhearr aithne orthu ar Choláiste Loch Súilí ó Inis Eoghain, ó Dhún Geanainn, ó Dhoire, ó Bhéal Feirste, ó Dhún Dealgán, ó Dhroichead Átha agus

ó Bhaile Cliath agus sna blianta tosaigh ghlac muid fiche ’s céad dalta ar chúrsaí ach laghdaíodh an uimhir sin in imeacht ama.

Go dtí lá na gcreach, cuimhneoidh mé ar an lá stairiúil a d’oscail muid doirse an Choláiste don chéad uair i Mí Iúil na bliana ’64. Agus muid bailithe sa scoil ag feitheamh ar theacht na mbusanna, d’éirigh an gháir go raibh teach Róise Bn. Mhic Pháidín faoi bharr lasrach i mBaile an Mhuilinn. Láithreach bonn, bhí na múinteoirí ’s bunadh na h-áite i mbun gnó (le cabhair ó Dhomhnall féin), ag iompar uisce i mbuicéid ó shruthán a bhí in aice láimhe ’s á stealladh ar na lasracha. Bá é Éamonn Mac Closcaidh (an Oileáin) gaiscíoch an lae sin, gan aon amhras. Is breá nach raibh beartaithe ag Róise, lóistín a chur ar fáil do dhaltaí an bhliain airithe sin!



*Cathal Ó Canainn 's a bhean chéile, Mairéad, Pádraig Mac Aodha agus daltaí ón tí sna Mínte - Lúnasa '67*

Bhí líon na ndaltaí sna seomraí codlata ard go maith ar feadh seal ama - ró-ard, admhaím. Ach rinne na mná tí éacht, gan eisceacht. Is cuimhin liom go raibh siad tnáite, tuirseach i ndeireadh gach lae, tar éis a bheith ag cócaireacht, ag glanadh ’s ag ní éadaí gan sos agus b’iomaí oíche nárbh fhéidir leo néal chodlata a fháil, leis an challán ’s monabhar cainte a chloistí ar fud na dtithe. Ní raibh bean amháin féin acu colgach na cantalach ariamh, go bhfios dom agus cérbh iad na mná tí seo? Is fiú iad a liostáil:

*Máiréad Uí Chanainn, Bn. Ní Thuinnigh, Iníon Mhic Closcaidh (Pá. Shíle) sna Mínte; Caitlín Ní hÁgáin ar an Mhacaire Ard; Caitlín Bn. Ní Fhrighil (Cassie Rosie) sa Cheathrún Reabhaigh; Caitlín Bn. Uí Mharlaigh ’s Róíse Bn. Uí Thuinnigh i mBaile an Mhuilinn; Teach an Uachtaráin, Sábha Bn. Mhic Eiteagáin, Róise Bn. Uí Thuinnigh, Máire Nic Eiteagáin i mBun na Tuinne; Áine Bn. Uí Channain agus Caitlín Bn Uí Annagáin, i dTír na Leadáin.*

D’fhan mé fhéin ar lóistín le Cassie Rosie




*Teach Cassie Rosie (Nach bhfuil ann a thuilleadh)*

mar bhuachaill óg ’s mé ag freastail ar Scoil Uí Ghallchóir agus arís, mar mhúinteoir i gColáiste Loch Súilí.

Agus cérbh iad na múinteoirí a d’oibrigh chomh dícheallach sin, samhradh i ndiaidh samhraidh ar mhaithe le Coláiste Loch Súilí? B’iad:

*Stella Ní Fhoghlú (Brí, Cill Mhantáin), Seán de hÓra (Co. Chiarraí), Áine Ní Dhuibhne, Proinsias agus Cáit Ní Ghallchóir (Rath Mhaoláin), Caitlín Ní Giolla Bhríde (Creamhghort), Seán Mac an tSaoir (Bun Cranncha), Eoghan Ó hEarcáin, Oisín Ó hEarcáin, Seosamh Ó hEarcáin (An Cheathrún Chaol), Louis Breathnach (Málainn), Máire Ní Dhochartaígh (Baile Liath Finn), Antoine Mac Diarmada (Carn Domhnaigh), Áine Ní Riaian (Dún Geanainn), Seán Óg Ó Baoill (Ard Mhacha), Máiréad Ní Ghráda (Feakle, Co. an Chláir), Máiréad Ní Chonbhuí (Tír Eoghain), Gretta Ní Bhorlainn (Tamhnaigh, Fánaid), Vera Ní Chanainn, Sábha Nic Eiteagáin, Síle Nic Eiteagáin, Úna Ní Dhuibhne, Maighréad Ní Dhuibhne, Nóra Nic Eiteagáin, Séamus Ó hAnnagáin, Pádraig Ó Frighil agus Máire Ní Chanainn (Uilig ó Ghaeltacht Ghleann Bharr féin).*




*An Rúnaí (Éamonn Mac Giolla Phádraig) ar chlé le baill den fhoireann teagaisc '67*

Tá baill an choiste luaite agam cheana féin. Na sagairt a bhí linn ar chúrsaí:

*An tAthair Mac Giolla Chearra, an tAthair Ó Maolmhaodhóg, an tAthair Ó Gallachóir, an tAthair Mac Gaoithín, an tAthair Oilibhéar Ó Croiligh, an tAthair Pádraig Ó Croiligh, an tAthair Arnold agus an tAthair Mac Suibhne.*



*Pádraig Mac Aodha i mbun cluichí sa choláiste 1966*

Bliain i ndiaidh bliana rinne muid cúrsaí d'ard-chaighdeán a chur ar fáil do dhaltaí agus phill cuid mhór acu ar an Ghleann go minic. D'réir tuairiscí uile na Roinne bhí coláiste den chéad scoth againn. Chomh maith leis sin ní raibh ach an deafhocal 'nár dtaobh ag tuismitheoirí 's ag iarscoláirí. Leag muid an-bhéim ar dhrámaíocht, ar dhíospóireacht, ar an cheol 's rince, ar chluichí, ar shiúlóidí, ar dhreapadóireacht 's ar shnámh ar thránna áille an Ghleanna féin 's ar an Trá Bhán i bPort a' tSalainn. Go rialta bhain múinteoirí an Choláiste úsáid as a ngluaisteáin féin chun daltaí a iompar fhad le tránna agus ar ais. Dochreidte a déarfainn anois, ag smaoineamh siar. D'fhreastail me féin ar gach cúrsa



*Daltaí Cois Trá i mBun na Tuinne, Gleann Bharr, 1967*

i gColáiste Loch Súilí, seachas aon cheann amháin, nuair a mhúin mé i gColáiste Phádraig, i mBaile Brígín. Scoil chónaithe a bhí ansin. Measaim go dtig linn bheith buíoch agus bródúil gur éirigh chomh maith sin leis an fheachtas a tharraing muid anuas orainn féin, deich mbliana 's dhá scór go ham seo.

Agus cad é faoi Ghaeltacht Ghleann Bharr san am i láthair. Faraor géar go bhfuil an iomarca dár gcairde ann sa tsíoraíocht agus aontaím nach bhfuil pian, peannaid ná galar chomh crua cráite le héag na gcarad nó scaradh na gcompánach. I measc na n-aingeal go raibh siad uile agus is boichte i bhfad sinn 'na n-éagmais. Airím uaim iad go léir.

Caithfimid a admháil go bhfuil Gaeltacht Ghleann Bharr an-lag anois. Is amhlaidh an scéal in íochtar Fhánada. Tá leithinis Fhánada agus Inis Eoghain chóir a bheith ar aon chéim ó thaobh na Gaeilge de. Luíonn saibhreas an chultúir 's na teangan leo siúd i gcré na cille. Tá daonra an Ghleanna féin laghdaithe 's cuid mhaith tithe 'na bhfothrach. Ach tá tithe galánta nua tógtha 'na n-áit. Tá S.N. Uí Ghallachóir dúnta. Níl Oifig an Phoist, siopaí ná Brú na hÓige ann a thuilleadh. Ach tá rud tábhachtach



*Baill den fhoireann teagaisc a ngrianadh féin - Mí Iúil, '77*
*An cailín óg: Caitríona Nic Eiteagáin*

amháin nár athraigh agus nach féidir a athrú – fíor áilleacht an Ghleanna féin. Chomh minic agus is féidir liom, stopaim mo charr fós sna Mínte agus dearcaim romham.

Ar thaobh na láimhe clé síneann Cnoc Alla fad radhairc uaim. Amach ó bhun an Ghleanna lonraíonn uiscí stairiúla Loch Súilí go draíochtúil. Ar dheis, idir mé agus léas, seasann Cnoc Ramhar 's Meascán Mhéabha ríogúil.

Sea! Níl na 'students' ag freastal ar Choláiste Loch Súilí a thuilleadh thíos i lár an Ghleanna. Tá a nglórtha ina dtost ach má tá féin, cloisim a macalla im' chluasa. Mothaím an ciúnas agus tugaim buíochas.

Mar fhocal scoir deimhním go bhfuil díomá orm faoi ghné amháin de shaol an Choláiste. Ba mhór an dearmad é nár thug muid cuireadh do dhaoine ó Ghleann Bharr féin a bheith mar bhaill de Choiste an Choláiste. Sa chás sin tá chuile sheans nach ndúnfaí é ar chor ar bith sa bhliain 1984. Ní fios anois.

Agus sin chugaibh deireadh mo scéil agus tá súil agam go maithfear dom má fhágaim cuimhne nó dhó gan a lua sa phíosa scríbhneoireachta seo.

*Pádraig Mac Aodha, Droichead Átha.*

# Feadaímó

Tá Feadaímó agus Micí ag fanacht in uaimh i ngleann beag in aice le Loch Éirne i bhFear Manach. Úsáideann Condaí, an táilliúir, an uaimh mar bhóitheach ach tá sé oiriúnach mar áit le dul i bhfolach ann. Tá Feadaímó ag fanacht go ndéanfaí Condaí culaith dó sula leanann siad ar aghaidh lena dturas go Gaillimh. Cha dtig leofa a n-aghaidheanna a thaispeáint taobh amuigh i rith an lae ar eagla go bhfeicfí iad. Tá Aobha, iníon Chondaí, i ndiaidh teacht isteach chucu le pota prátaí agus le huibheacha bruite. "Bhail maith thú," a Aobha, arsa Micí, "tá lá fada go leor orainn inár suí anseo gan bogadh. Ach rud amháin maith fán rud uilig, chan ocras a bheas orainn." Bhain Feadaímó an sliogán d'ubh agus thosaigh sé ag ithe. Bhí dhá lá caite acu anseo agus chan fhuair sé deis labhairt go príobháideach le hAobha go fóill. Rinne Micí cinnte de sin. Bhí a fhios aige go raibh Feadaímó faoi dhraíocht ag an chailín seo agus bhí sé den bharúil, go díreach mar a bhí a hathair Condaí, nach dtiocfadh maitheas ar bith as. Cha bheadh sa chailín seo ach dealg san fheoil d'Fheadaímó mar bhí an dlí sa tóir orthu agus cha bheadh lá suaimhnis acu go bhfaigheadh an bheirt acu amach as an tír. Choinnigh sé a shúil ar Aobha agus í ag cur bainne isteach i mbabhlaí dófa. Bhí Feadaímó ag amharc uirthi mar a bheadh gamhain óg ag amharc ar an ghealach. "Cad é mar atá an chulaith mhór ag teacht ar aghaidh, a ghirsigh? arsa Micí. "Eh? Cad é sin?" a dúirt sí.

"An chulaith," arsa Micí, "bhí mé ag cur ceiste ort fán chulaith." "Ó," arsa Aobha, "tá m'athair ag obair uirthi lá is oíche. Tá sé ag cur daoine ó dhoras ar na laethibh seo mar nach bhfuil faill aige fiú amháin labhairt leofa." "Bhail, bulaí fir Condaí," arsa Micí, "beidh do chulaith réidh am ar bith anois, a Fheadaímó agus beidh muid ar an bhealach arís." "Nach millteanach an straidhn atá ort fá mo chulaithse," arsa Feadaímó. "Cad é fá do chulaith fhéin? Shíl mé go raibh tú chun ceann a cheannacht sula dtéann muid áit ar bith. Nach tusa an fear a bheas ag déanamh na cainte má chuirtear ceist orainn am ar bith" Thóg Micí práta as an phota agus é ag smaoiteamh. Bhí an ceart ag Feadaímó, cha raibh aon amhras fá dtaobh de. Bhí air culaith a fháil ach cad é'n dóigh is fearr le sin a dhéanamh? Bhí Baile an Irbhinigh cúig mhíle dhéag soir ó dheas uathu agus cha ghlacfadh sé an fhad sin uilig dó dul isteach ann le culaith a fháil. Dá bhfágfadh sé luath ar maidin thiocfadh leis a bheith ar ais roimh an oíche ach bheadh air Feadaímó a fhágáil anseo leis an chailín óg. Amharc amach, a Aobha, le do thoil, go bhfeicfidh tú an bhfuil duine ar bith thart," arsa Micí. "An bhfuil tú chun imeacht anois?" arsa Feadaímó. "Níl mé, arsa Micí agus é ag éirí. "Tá sé rómhall sa lá le dul áit ar bith. Imeoidh mé an chéad rud ar maidin." D'amharc Feadaímó ar Aobha agus bhí aoibh ar a haghaidh. "Ní bheidh mé i bhfad," a dúirt sí agus í ag imeacht. "Cá háit a rachas tú fá choinne an chulaith a fháil?" arsa Feadaímó. "Rachaidh mé isteach go Baile an Irbhinigh," arsa Micí. "Níor chóir go nglacfadh sé an fhad sin uilig domh. Bhéarfaidh mé liom an capall ballach. Tá an stail agus an láir donn róchostasach i gcosúlacht. Bhail, go dtí go bhfuil na héadaigh cearta orainn cibé." "Níl duine ar bith thart," arsa Aobha, agus í ag teacht isteach arís.

"Maith go leor," arsa Micí, agus d'imigh sé. Shiúl sé isteach sa teach agus chonaic se Condaí ag obair go díograiseach ar chulaith Fheadaímó. "Caithfidh mise dul agus culaith a fháil domh fhéin, a Chondaí," ar seisean agus é ag tógáil bosca snáthanna de chathaoir. "Isteach go Baile an Irbhinigh an áit is fearr," arsa Condaí. "Sin an rud a dhéanfas mé, a Chondaí, ach tá rud amháin ag cur isteach orm." D'amharc Condaí air agus drann ar a aghaidh. "Chan amadán ar bith mé," a dúirt sé. "Chonaic mé an dóigh a raibh an fear óg sin agus Aobha ag amharc ar a chéile. Coinneoidh mise súil orthu ná bíodh eagla ar bith ort." "B'fhéidir nach mbeadh sé rófhurasta sin a dhéanamh is tú chomh gnóthach is atá tú," arsa Micí. "D'inis muid an scéal duit agus tuigeann tú go gcaithfidh an bheirt againn fáil amach as an tír nó crochfar muid. Char mhaith liom go mbeadh Aobha gortaithe ar dhóigh ar bith." "Má leagann sé lámh ar mo iníon scaoilfidh mé é," arsa Condaí. "Cha dtuigeann tú mé ar chor ar bith," arsa Micí. "Is fear uasal é Feadaímó agus tá Aobha sábháilte go leor leis ach tá siad óg agus síleann siad fhéin fán am seo go bhfuil siad i ngrá lena chéile. B'fhéidir go mbeadh sé ag iarraidh go dtiocfadh sí leis go Meiriceá agus chan….." "Stad," arsa Condaí le fearg agus chaith sé na brístí a bhí sé ag fuáil ar an tábla go tobann "Aobha ag dul go Meiriceá le fear atá faoi bhagairt an chrochta? Bíodh ciall agat. Is cuma liomsa fá cad é a rinne sibh, níl grá ar bith agam do na hÚdaráis, ach níl agam sa domhan anois ach Aobha, agus déanfaidh mé cinnte go bhfaighidh sí an fear ceart di fhéin. Imigh agus abair léi teacht isteach anseo lom láithreach." Chonaic Micí gur fear é Condaí a raibh crógacht agus righneas ann agus mheas sé go mbeadh sé ábalta srian a choinneáil ar a iníon, rud nach raibh sé fhéin ábalta a choinneáil ar Fheadaímó. "Coinnigh thusa ag obair ar an chulaith sin," a dúirt sé, "is gheobhaidh mise Aobha duit." Chuaigh sé isteach sa scoilt agus é ag scairteadh. "A Aobha, a Aobha, tá d'athair do iarraidh." Cha dtug sí freagair ar bith air agus nuair a chuaigh sé isteach san uaimh chonaic sé nach raibh siad ann. Bhí an stail ar shiúl fosta. "Bhail, scrios Dé ar an fhear sin," a dúirt sé leis fhéin. Bhí Feadaímó ag cur achan rud i gcontúirt anois de thairbhe an chailín óig seo. Cad é a bhí sé dul a rá le Condaí?



Bhí Feadaímó agus Aobha ar dhroim na staile agus iad ag dul siar níos doimhne sa ghleann. Cha raibh faill acu diallait a chur ar an chapall ach mar sin fhéin bhí sodar breá gasta leo agus iad ag iarraidh fáil a fhad leis an choill.

Bhí lámha Fheadaímó ar na srianta agus Aobha os a chomhair. D'amharc Feadaímó thart go bhfeicfeadh sé an raibh duine ar bith á leanstan ach bhí an taobh seo den ghleann acu fhéin. Cha raibh tithe ar bith ar an chosán agus sula i bhfad shroich siad an choill. "Lig

Feadaímó scread sonasach as, agus an stail ar stealladh cos in airde. "Haaa," a scairt sé le lúcháir." Lig Aobha scread aistí fosta agus greim teann aici ar mhoing na staile. Chuaigh siad isteach faoi na crainn is achan gháire leo sular tharraing Feadaímó na srianta ar ais. "Níl deifir ar bith orainn anois," arsa Feadaímó, agus lig sé don stail a bhealach a dhéanamh go deas fadálach fríd na crainn. "Shíl mé nach bhfágfadh Micí muid linn fhéin a choíche," arsa Aobha. Thosaigh Feadaímó ag gáire. "Bhí an chuma sin air," ar seisean. " Cha shílim gur chodail sé néal aréir is é mo choimhéad." Tháinig siad a fhad le sruthán beag agus léim Feadaímó den chapall.

"Goitse, a ghirsí ," a dúirt sé agus a lámha amuigh, "tá áit dheas anseo lenár scíste a dhéanamh." Léim Aobha anuas agus isteach i lámha Fheadaímó.

Sheas siad mar sin tamall ag amharc ar a chéile agus sula raibh a fhios aige cad é a bhí sé ag déanamh thug Feadaímó póg di. D'imigh achan smaoiteamh eile as a chloigeann sa bhomaite sin agus é caillte go hiomlán i ndraíocht an chailín óig. Rinne Aobha iarracht tarraingt ar shiúl ach bhí barróg teann ag Feadaímó uirthi agus cha raibh sí ábalta bogadh. Sa deireadh d'agair sí air "stad, a Fheadaímó, stad," agus sheas Feadaímó ar ais uaithi go tobann. "Tá mé buartha," a dúirt sé, "níl a fhios agam cad é a tháinig orm." "Arú, na bí buartha," arsa Aobha, "tá beirt againn ann." Shuigh sí síos in aice an tsrutháin, labhair sí agus brón ina glór.

"Cha raibh mise i m'aonar le fear ariamh," a Fheadaímó. Chan rud é nach raibh an deis agam. Cinnte choinnigh m'athair súil orm, ach cha raibh an suim sin ionam. Amharc anois orm, mé istigh sa choill le strainséir atá ar a theitheadh ón dlí." Shuigh Feadaímó ar an talamh in aice léi. "An síleann tú gur strainséir mé?" a dúirt sé. "Is strainséir thú cinnte," arsa Aobha. "Seo an tríú lá duit a bheith anseo agus níl a fhios agam rud ar bith fá dtaobh duit." "Cad chuige ar tháinig tú liom mar sin?" arsa Feadaímó. Chuir Aobha a lámh ar a aghaidh is d'amharc sí isteach sna súile air. "Mar mhuscail tú rud éigin ionam, a Fheadaímó. Mothúchán nár mhothaigh mé ariamh. Ní thuigim cad é atá ag dul ar aghaidh istigh ionam ach cibé rud é, déanann tú dearmad d'achan rud eile. Imíonn eagla, tá a fhios agam go mbeidh m'athair ar mire liom. Imíonn ciall, cad chuige ar theith mé ón bhaile le fear ar dhroim capaill? Fear a bheas ag imeacht amárach nó anóirthear. Ach is cuma liom fá sin uilig. Cad chuige ar tháinig mé leat? Níl freagair ar bith agam don cheist sin, a Fheadaímó, ach tá mé anseo." "Thóg Feadaímó lámh s'aici agus labhair sé go ciúin léi. "Níl a fhios agam cad é le rá leat, a Aobha. Dúirt tú gur strainséir a bhí ionam ach thig liom rud inteacht a dhéanamh fá sin. Inseoidh mé an scéal uilig duit." Thosaigh sé ansin agus d'inis sé achan rud di ón am a d'fhág sé a chleamhnas fhéin i dTír Chonaill. Char lig sé rud ar bith amach cé go raibh sé náiriste fán dóigh a lig fabhtacht Shíle é síos i gcathair Dhoire. Bhí daoine marbh de thairbhe sin de agus ghoill sé ar Fheadaímó an scéal a insint. D'éist Aobha le achan fhocal is nuair a chríochnaigh sé an scéal bhí deoir ina súil. "Ó, a Fheadaímó," ar sise, chan do lochtsa a bhí ann gur maraíodh daoine." "Mo lochtsa a bhí ann gur chuir Síle an dallamullóg orm. Chuir sin achan rud bun os cionn agus fágadh mise san fhaopach. Tugadh rabhadh domh ach char ghlac mé leis agus seo anois an dóigh a bhfuil sé. Má bheirfear orm dhéanfar mé a chrochadh agus níl aon amhras fá sin." Chuir Aobha a lámha thart air. "Más sin an cás," a dúirt sí, "déan cinnte nach mbéarfar ort." Sin mar a bhí siad nuair a tháinig Micí orthu. "Bhail, bhail, bhail," a dúirt sé. "Nach deas suaimhneach an radharc é seo." Léim an bheirt acu ina seasamh go tobann. "Cad é atá tusa ag déanamh anseo, a Mhicí, "arsa Feadaímó. "Tá mé anseo le rabhadh a thabhairt duit," arsa Micí go feargach. "Anois, tá a fhios agam gur fear mór láidir thú agus nach bhfuil eagla ort roimh fhear nó fathach ach éist liom go cúramach. Tá fear nach bhfuil air ach cos amháin ag obair ar chulaith duitse, fear a thug foscadh agus bia dúinn agus tá sé ag iarraidh a iníon a fheiceáil. Geallaim duit go scaoilfeadh sé tú sula ligfeadh sé duit a iníon a ghortú." "Thig le hAobha a rud fhéin a dhéanamh," arsa Feadaímó. "Cha dtig léi," arsa Micí. "Tá sí faoi chúram a hathar go dtí go bhfuil sí ocht mbliana déag. Bíodh ciall agat, a Fheadaímó. Lig d'Aobha dul ar ais chuig Condaí agus fág mar sin é. Imeoidh an bheirt againne amárach agus beidh deireadh leis." "Fan bomaite," arsa Feadaímó, níl tusa….." "Fan thusa bomaite," arsa Micí ag briseadh isteach air.

"Fuair tusa rabhadh roimhe nuair a bhí bean i gceist ach rinne tú neamhaird de agus amharc an deireadh a tháinig de thairbhe sin de. In ainm Dé éist le comhairle mhaith an t-am seo. Caithfidh muid ár mbealach a dhéanamh go Gaillimh. B'fhéidir go mbeadh orainn dul i gcoimhlint le saighdiúirí agus níl dóigh ar bith a bheadhas muid ábalta sin a dhéanamh is cailín óg linn." Chuir Aobha a lámh ar ghualainn Fheadaímó. "Tá an ceart ag Micí, a Fheadaímó," a dúirt sí. Caithfidh tú an tír seo a fhágáil, níl an darna rogha agat." "Thiocfadh leatsa teacht liom, a Aobha," arsa Feadaímó. "Cha dtiocfadh liom m'athair a fhágáil mar sin," arsa Aobha, agus deoir ina súil. "Fosta, má tá mise libh ní bhfaighidh sibh a fhad le Gaillimh ar chor ar bith. Goitse, tabhair na bhaile mé."

Beidh tuilleadh sa chéad eagrán eile.

# TURAS FADA Ó RANSBORO GO NORDKAPP.



Nuair a bhí na cúig bliana agus trí scór sroichte ag fear na nDúnaibh Ciarán Mac Pháidin agus nuair a shocraigh sé é a cheiliúradh le turas gluaisrothair go Nordkapp, bhí barúil mhaith aige faoin dúshlán a bhí sé a chur air fhéin. Tá Nordkapp, an pointe is faide ó thuaidh san Eoraip lenár féidir leat tiomáint a fhad leis, ag 71 10'21" ó thuaidh. De thairbhe sin tá cuid mhór turasóirí meallta chuig an áit le trí chéad bliain agus comh luath agus atá an sneachta leáite agus na bealtaí móra glanta tchífidh tú gluais-rothaithe, rothaithe, daoine de shiúl na gcos agus daoine ag taisteal ar cibé gléas atá acu ag tabhairt a n-aghaidh ansin.

Bheadh an turas seo go Nordkapp déanta ag cuid mhór gluaisrothaithe as Éirinn ach 'sé an rud is iontaí faoin dúshlán a chur Ciarán roimhe fhéin, fear a bhfuil cónaí air i Sligeach anois le blianta fada, ná go raibh sé bliain agus na trí scór sular chaith sé a láirc thar shuíochán ghluaisrothair don chéad uair, am a mbeadh daoine eile ag smaoineamh ar an saol a thógáil go socharach. Nach iontach an rud é gur fhág sé ar a thuras go Nordkapp ón charrchlós chéanna ina bhfuair sé a chéad cheacht ar ghluais-rothar. Mhothaigh sé nach raibh áit níb fhearr le tús a chur lena thuras ná an áit ar baineadh croitheadh maith as le linn do a bheith ag luascadh thart roinnt blianta roimhe sin agus é ar a chéad iarrachtaí máistreacht a fháil ar an ghluaisrothar.

D'fhág Ciarán Sligeach ar an 6ú lá de Mheitheamh agus thug an turas ar an bhealach amach go Nordkapp é ó Bhaile Átha Cliath go Holyhead, trasna fríd Shasana go Harwich agus as sin ar an bhád farantóireachta go Esbjerg sa Danmhairg. Bhí turas 2560Cm roimhe as sin go Nordkapp. Shroich sé Nordkapp ar an seachtú lá i ndiaidh dó Sligeach a fhágáil agus cé go raibh críocha níos faide ó dheas san Eoraip ag baint sásaimh as tréimhsí d'aimsir speisialta maith, bhí an aimsir fán am seo thar a bheith tioránta sna limistéir is faide ó thuaidh de na críocha Lochlannach. D'fhág an teocht íseal, na gálaí gaoithe, flichshneachta agus fearthainn an tiomáint iontach dúshlánach nuair a chuirtear san áireamh an fad bealaigh a bhí le déanamh achan lá. Leis an fhírinne a rá, ar an lá deireanach agus é ag teacht cóngarach do cheann scríbe, go háirithe agus é ag dul fríd na tolláin is faide, bhí an teocht ag athrú go rialta idir trí chéim agus naid, agus deir Ciarán gur airigh sé go raibh an fhuacht ina chontúirt agus é ag druidim le deireadh an turais.




*Ag trasnú an Ciorcal Artach*

Tá Ionad mór Léirithe ag Nordkapp agus nuair a shroich sé an áit bhí na céadta veaineanna campála, busanna, gluaisrothaithe agus roinnt daoine de shiúl na gcos ansin cheana féin. Chan na radharcanna áille a mheallfadh tú an oiread sin san áit seo ach go díreach gurb é an pointe is faide ó thuaidh san Eoraip agus fosta áit mhaith le radharc a fháil ar ***ghrian an mheánoíche*** fán am sin den bhliain.

Bhí a phríomh sprioc comhlíonta ag Ciarán anois agus dhírigh sé a intinn ar an turas na bhaile, turas a mheas sé a bheith ina mhalairt den turas amach ansin. I ndiaidh dó Nordkapp a fhágáil agus lá fada a bheith caite aige sa diallait agus é ar a bhealach fríd an Norbhuaidh agus an Fhionlainn ba mhór an preab agus an geit uafásach a baineadh as nuair a thug sé faoi deara go raibh a chrios airgid ina raibh a phas, a chuid cártaí airgid, a cheadúnas tiomána agus a chártaí campála caillte aige. Bhí a fhios aige gur bhain sé úsáid as 250Cm ar ais nuair a stop sé le díosal a fháil ach cha dtiocfadh leis a thuiscint cad é a tharla dó ina dhiaidh sin.

I ndiaidh dó cuid mhór glaochanna gutháin a dhéanamh chuig póilíní na Norbhuaidhe hinsíodh dó go raibh duine éigin i ndiaidh glaoch isteach chuig stáisiún póilíní áit éigin lena rá go bhfuair siad é ar an bhealach mhór ach cha raibh ainm ná uimhir teagmhála ag na póilíní don duine seo agus cha raibh d'ábhar dóchais acu ach an duine seo é a thabhairt isteach chuig an stáisiún póilíní áit éigin. Ar an drochuair bhí an stáisiún póilíní ar leith seo a bhí luaite 160Cm ar ais an bealach a bhí Ciarán i ndiaidh a theacht air agus cha bheadh sé foscailte go dtí i ndiaidh an deireadh seachtaine. Cé nach raibh Ciarán ag iarraidh a dhul ach an treo amháin fán am seo, sin na bhaile, thiontaigh sé ar ais isteach sa Norbhuaidh, rinne sé an turas 160Cm ar ais agus bhuail sé isteach chuig an stáisiún in Kautokeino mar gur hinsíodh dó gur chuig an stáisiún sin a rinneadh an glaoch gutháin. Dúirt an póilín a bhí ar dualgas, mar sin fhéin, nár bhuail duine ar bith isteach go dtí sin leis an sparán a bhí caillte. Mhothaigh Ciarán go mór in isle brí agus i mbarr a chéille fán am seo, chan mór an méid airgid a bhí fágtha aige le haghaidh bia ná breosla, gan aige i ndáiríre ach arán is uisce don deireadh seachtaine. Gan dóigh aitheantais a bheith aige cha dtiocfadh leis airgid éigeandála a tharraingt. Ach bhí duine inteacht ag coinneáil súil air mar go díreach agus é ar tí an stáisiún a fhágáil thug sé faoi deara go raibh a chrios airgid i lámha an chéad duine eile sa scuaine a bhí ar tí labhairt leis na póilíní. Ba mhór an faoiseamh dó é seo, fuair an fear seo a chrios airgid ina luí ar an bhealach mhór tuairim is cúig chiliméadar is fiche níos faide ó thuaidh ón tsráid-bhaile. Caithfidh gur thit sé de chúl a ghluaisrothar. Mheas sé fhéin go gcaithfidh sé, de thairbhe comh tuirseach traochta agus a bhí sé, gur fhág sé é ina shuí ar an diallait i ndiaidh dó an breosla a chur san ghluaisrothar. Cha raibh sa cheantar ina bhfuarthas an crios ach fásach ceart agus bealtaí móra fada agus ba mhíorúilt a bhí ann nár shleamhnaigh sé síos den bhealach isteach sna díogacha doimhne a bhí ar achan taobh den bhealach, áit nach bhfeicfí é a choíche arís. Chuaigh ionracas an fhir seo agus comh tapaigh agus a d'fhág sé an chrios istigh, an chéad deis a fuair sé, i gcion go mór ar Chiarán agus dhearbhaigh sé dó go raibh maitheas bunúsach beo go fóill amuigh ansin.

Cé go raibh a chárta aitheantais aige anois bhí sé go fóill gann in airgead mar go raibh a chuid cártaí airgid curtha ar ceal aige ón am a bhí fhios aige go raibh siad caillte. Thug Ciarán a aghaidh ar an bhealach ó dheas fríd an Fhionlainn. Lá arna mhárach, lena phas, d'éirigh leis airgead éigeandála a tharraingt agus mhothaigh sé níos muinínigh anois.

De thairbhe gur cuireadh an oiread sin moille air nuair a chaill sé a phas agus na hearraí luachmhara eile sháraigh air an bád farantóireachta ó Esbjerg na Danmhairge go Harwich i Sasana a fháil don turas ar ais. Mar nach raibh lóistín ar bith ar fáil ar bhádaí farantóireachta ag amanna níos moille cha raibh de rogha aige ach tiomáint ar ais an bealach fada fríd an Ghearmáin, an Olainn, an Bheilg, an Fhrainc agus isteach na Breatainne fríd an tollán Eorpach. (Eurotunnel).

Bhí Ciarán ar ais sa bhaile i Sligeach ocht lá dhéag ón lá a d'fhág sé. Thiomáin sé fríd deich dtír éagsúil agus rinne sé cuid acu a thaisteal níos mó ná uair amháin. Bhí 8184 Cm curtha ar an chlog aige. Chuaigh sé go mór i dtaithí ar a bheith ag taisteal ar bhealtaí éagsúla: mótarbhealaí brúite (congested) na Breataine, córas lána 2+1 na Sualainne agus teora luais 90Cm na Norbhuaidhe gan a bheith ag caint ar comh faichilleach agus a b'éigean dó a bheith an fia agus an mús a sheachaint le coineascar sa tSualainn agus an scéin a bhaineas le bheith ag taisteal ar Autobahns na Gearmáine le linn fearthainn throm agus teora radhairc.

Cé gur mhothaigh Ciarán an turas a bheith cruaidh agus deacair ó thaobh na hintinne de deir sé nár bhuail an tuirseacht é i gceart go dtí an lá i ndiaidh dó a theacht 'na bhaile.

Deir sé nach bhfuil a mhacasamhail de thuras a chur sa dialann aige go luath, cibé turas a dhéanfaidh sé amach anseo dhéanfaidh sé é ar a shuaimhneas!



*Nordkapp, Sea, bhí mé ann.*

# Micheál Mac Aodha.



Fuair Micheál Mac Aodha, múinteoir, craoltóir, scríbhneoir agus fear gnó bás ar an chúigiú lá fichead de Bhealtaine 2014. Rugadh Micheál i nDún Búinne i gCo.na Midhe ar an lá deireanach de mhí na Bealtaine sa bhliain 1934. Ba de bhunadh Ros Goill a athair agus ba as Sean-tSonnach Co. Mhuineacháin a mháthair Bríd. Bhí beirt dheartháir aige, Muiris agus Seán agus beirt dheirfiúr Maura agus Cáit. Aistríodh a athair, a bhí ina gharda, go sráidbhaile an Fhál Carraigh go luath ina shaol agus ba anseo a chuaigh Micheál 'na scoile.

Chuaigh sé ar scoláireacht go Coláiste Éinde i nGaillimh, coláiste ullmhúcháin d'ábhar múinteoirí, sa bhliain 1949 agus uaidh sin chuaigh sé go Coláiste Phádraig i nDroim Conrach áit ar cháiligh sé mar mhúinteoir i 1953. Le linn na tréimhse seo fuair a athair bás go tobann agus d'aistrigh an teaghlach go dtí na Dúnaibh. Ba anseo i Scoil Náisiúnta Dhoire a'Chasáin a chur Micheál tús lena shaol múinteoireachta. Deich mbliana ina dhiaidh sin ceapadh é mar phríomhoide i Scoil Náisiúnta Mhíobhaigh. Rinneadh an dá scoil a chónascadh sa bhliain 1969 agus ba anseo i Scoil Naomh Bríd a chaith Micheál an chuid eile dá shaol múinteoireachta agus níl amhras ná gur scoth múinteora a bhí ann.

Bhí suim ar leith ag Micheál i gcúrsaí spóirt ach ba sna cluichí gaelacha ba mhó a bhí a chroí. D'imir sé fhéin, dar ndóigh, agus bhí sé ar an chliathán sa líne leath-thosach ar fhoireann na nDúnaibh a bhain Craobh na Contae i ngrád na Sóisir sa bhliain 1957. Bhí suim mhór aige sa ghailf fosta agus bhíodh sé le feiceáil go rialta, go dtí na blianta



**Foireann na nDúnaibh, 1957**

deireanacha, ar chúrsa gailf Ros na Binne.

Coinneoidh a chairde sa phobal agus a lán cairde a bhí aige sa phreas agus sa raidió cuimhne i gcónaí ar a chuid scéalta mar nach raibh a shárú le fáil nuair a bhí scéal maith le hinsint agus cha raibh mórán a bhí comh cumasach leis nuair a bhí craiceann maith le cur orthu.

Coinneofar cuimhne ar a chuid tráchtaireachta do Highland Radio thar thréimhse fiche bliain mar go raibh siad lán paisin, grinn, mothúcháin agus nathaíochta.

Bhí Micheál thar a bheith lách agus cairdiúil, ba chuideachta iontach a bhí ann agus bhí féith an ghrinn go smior ann.

Ba Ghael mór a bhí i Micheál, gan amhras, fear a raibh an-ghrá aige dá chultúr agus dá theanga dúchais agus bhí sé thar a bheith bródúil as sin. Ba ghnách leis clár Gaeilge a bheith aige ar Highland achan seachtain agus lena chois sin bhíodh sé ag teagasc ar chúrsa Shéamais De Faoite chuile bhliain.

I ndiaidh dó slán a fhágáil ag an mhúinteoireacht chuaigh sé i mbun oibre do Ghaeil Uladh, eagraíocht a chur bunmhúinteoirí Ghaeltacht Thír Chonaill ar bun le Gaeilge Uladh a thabhairt ar ais agus a chaomhnú sna bunscoltacha Gaeltachta.

Thug sé faoina chuid oibre ag Gaeil Uladh leis an chineál díograis agus díchill a mbeadh sé deacair ag duine ar bith eile a shárú. Cha ghlacfadh Micheál leis go bhfágfaí canúint Uladh ar leataobh ar mhaithe le canúintí eile agus mar thoradh ar seo d'fhág sé mar oidhreacht againne cnuasach leabhar agus acmhainní teagaisc ina bhfuil a chuid scríbhneoireachta fhéin, aistriúcháin agus scéalta curtha in oiriúint i gcanúint Uladh.

Déanaimis comhbhrón lena bhean Máire agus lena dheichniúr clainne. Déanfar é a chrothnú go mór.

Ar dheislámh Dé go raibh a anam dílis.

Aodh Mac Laifeartaigh.

## Coiste na mBailte Slachtmhara sna Dúnaibh

Is ábhar pléisiúir domh é cuntas a thabhairt ar dhíograis agus ar shaothar na n-eagraíochtaí atá i mbun na hoibre a chuireann feabhas ar ár gceantar agus a chruthaíonn íomhá tharraingteach, mhealltach do leithinis Ros Goill. Tá dea-chruth an cheantair ina chúis bróid dúinn uilig agus guíonn muid gach rath orthu siúd atá ag obair go dian ar ár son. Ar eagla go sílfeadh daoine go bhfuil an scríbhneoir seo taobhach siocair gur as an áit é, seo cuid den mhéid a bhí le rá ag moltóir na mBailte Slachtmhara:

***Tá cuma dheas ar an scoil agus radharc den scoth ón suíomh seo chomh maith. Tá crot álainn anois ar an bhloc leithris agus é maisithe ag plandaí agus ag fógraí eolais a bhaineann leis na héanacha. Tá an togra seo ar cheann des na cinn is fearr a thug sibh faoi.***

Tá muid féin chomh cleachtaithe sin le bheith ag amharc ar an áit, an bhfuil seans ann nach bhfeiceann muid áilleacht an cheantair níos mó? Agus más rud é go bhfeiceann muid cuma dhóighiúil na leithinse an bhfuil léirthuiscint againn ar a ghlaine - a bhuíochas sin do na heagraíochtaí thuasluaite? Níonn an moltóir tagairt speisialta den Trá Bheag agus ní iontas ar bith sin mar is í an tseoid is luachmhaire atá againn.

Tuairim an mholtóra arís ar **Thírdhreachtú & Spásanna Oscailte** :

***Admhaítear an obair fhiúntach a rinneadh sa charrchlós agus in áiteacha a luadh sa liosta den fhoirm iontrála. Thug mé cuairt, ar ndóigh, ar an trá agus chuaigh áilleacht na háite i bhfeidhm go mór orm. Is dóigh liom gur ceann des na tránna is áille sa tír í agus nach mór an tarraingt turasóireachta í. Má ghlantar an trá gach maidin agus gach tráthnóna cheapfá gur leor sin, ach tuigeann muid ó bhur gcuntas go bhfuil gá le baill an choiste dul ar phatról agus bruscar a bhailiú. Maith sibh go bhfuil postaeirí frith-bhruscar curtha in airde agaibh agus is cabhair í sin. Ag deire is ar an bpobal a bhraitheann sé a gcuid bruscar a smachtú.***

Nach bhfuil feabhas mór tagtha ar Chéidh na nDúnaibh le tamall beag anuas - an bád beag lán bláthanna, an t-ancaire agus an phlásóg bheag mhealltach ar thaobh an bhealaigh? Agus muid thiar ag an chéidh, tá ard-mholadh tuillte ag Ard na nEangach agus an cruth gleoite atá air ó cheann






ceann na bliana. Nach deas an suíomh beag úr lena bhinse picnice agus suíocháin agus é crochta faoi bhinn an ardáin? Is tairbheach an obair í seo mar is suíomh lárnach é an cheathrú seo, a tharraingíonn an-chuid cuairteoirí agus tá sé tábhachtach go n-amharcfadh sé go maith. Faoin teideal **Bainistiú Acmhainní agus Dramhaíola Inbhuanaithe (Sustainable Waste and Resource Management),** bhí seo le rá ag an moltóir:

***Tá an-mholadh ag dul don choiste as ucht na hoibre atá ar siúl agaibh agus tabhairt faoi Bhainistiú Acmhainní. Is breá go bhfuil comhoibriú maith ó Chomhairle Contae Dhún na nGall agus treoir á fháil ar chonas bhur gcuid múirín a smachtú. Is maith go bhfuil córas maith poiblíochta ar siúl agaibh chun an scéal a scaipeadh, mar is fadhb í seo do gach éinne agus gá le hiarracht phearsanta. An comhoibriú ón bhfoireann Fás chomh maith agus an dea-obair atá ar siúl acu leis na boscaí adhmaid a bheith déanta as ábhar athchúrsáilte. Obair dheonach í seo agus moladh ag dul do gach éinne.***

B'álainn an radharc í an flúirse bláthanna a chuaigh in araicis an mholtóra ag teach Davey agus é ag teacht isteach ó bhealach Charraig Airt. Is é tuairim an phobail nach bhfaca siad an sráidbhaile ag amharc chomh galánta riamh agus a d'amharc sé i mbliana agus déarfainn gur chuir an taispeántas bláthanna iontach seo, chomh maith leis na ceapacha bláthanna agus ceapacha fraoigh eile ar fud an bhaile, go mór le híomhá dearfach na slachtmhaireachta. Seo an méid a bhí le rá faoi na **Bóithre Isteach, Sráideanna & Lánaí:**

***Tá an príomh bhealach ó Charraig Airt iontach mealltach. Tá an line de bhláthanna ar an bhalla anseo sainiúil agus ord agus eagar den scoth ortha. Dá bhfeadfaí leanúint leis an gcaighdeán seo tríd an bhaile bheadh ceiliúradh agaibh. Ag an ghabhlóg anseo tá maisiúcháin de phlandaí áilne agus bhí bean i mbun oibre le linn na moltóireachta. Tugtar moladh daoibh as ucht úsáid na cloiche áitiúla atá chomh flúirseach tríd an bhaile. Tá an comhartha Fáilte go dtí Na Dúnaibh iontach deas.***

Nuair a thuigtear go bhfuair Na Dúnaibh 218 marc sa bhliain 2011, 219 marc sa bhliain 2012, 226 marc sa bhliain 2013 agus 241 marc i mbliana (2014) tchítear an feabhas atá tagtha ar na marcanna agus is luach saothair é seo atá tuillte go maith ag an choiste agus ag na hoibrithe araon. Nár lagaí Dia a lámha!




## Buaiteoirí ó Ros Goill ag an chomórtas "Deis a Labhartha" ag Éigse Sheáin Bháin i mBaile na Finne ar 22 Samhain, 2014



Comórtas Rang 1 & 2
Labhaoise Nic Pháidín
(An tríú háit )



Comórtas Rang 3 & 4
Ó dheis: Aobhá Pasoma (An chéad áit) agus Aoibhinn Ní Chonaill (An dara háit).



Comórtas Rang 5 & 6
Aobha Ní Ghallchóir
(An dara háit)



Comórtas daltaí meánscoile sinsearacha
Eimear Ní Threartaigh
(An dara háit)

# Féile Chéim Aniar 2014

Ghlac 124 páiste páirt i gComórtas Aithris Filíochta Chéim Aniar a bhí ar siúl Dé Sathairn, 6 Nollaig, in Áras Ros Goill, Na Dúnaibh. Ba mhaith linn ár mbuíochas a ghabháil leis na moltóirí, Michelle Nic Grianna agus Noel Ó Gallchóir agus le Meitheal Mhíobhaigh as an fhoirgneamh a chur ar fáil dúinn don lá. Tá moladh mór tuilte fosta ag na páistí uilig a ghlac páirt agus ag a dtuismitheoirí agus a múinteoirí a chuidigh leo fáil réidh don chomórtas. Seo thíos na buaiteoirí sna rannóga éagsúla:



***Naíonáin Bheaga & Naíonáin Mhóra***

*Seán Pádraig Ó Canáin, Scoil Chill Mhic nÉanáin (An chéad áit - Corn Leaslaoi U. Lucas), Alex Ó Cuilinn, Scoil Dhuibhlinn Riabhach agus Gráinne Ní Bheaglaoich, Scoil a' Chaisil (An dara háit roinnte), Róisín Ní Fhíoruisce, Scoil Ghlasáin, agus Treasa Nic Eiteagáin, Scoil An Tearmainn (An tríú háit roinnte).*



***Rang 1 & 2***

*Fionnuala Ní Bhaoill, Baile na Finne (An chéad áit - Corn na Comhairle Contae), Emma Nic Anna agus Máire Ní Chanáin, Scoil Chill Mhic nÉanáin (An dara háit roinnte), Mícheál Ó Mórdha agus Áine Ní Chonaill, Céim Aniar (An tríú háit roinnte).*



***Rang 3 & 4***

*Tómás Ó Canáin, Scoil Chill Mhic nÉanáin (An Chéad áit - Corn Raidió na Gaeltachta), Méabh Ní Dhubhthaigh, Scoil a' Chaisil (An dara háit), Ella Nic Eiteagáin, Scoil Chill Mhic nÉanáin agus Neamhain Ní Dhuagáin, Céim Aniar (An tríú háit roinnte).*



***Rang 5 & 6***

*Aobha Ní Ghallchóir, Céim Aniar (An chéad áit - Corn Céim Aniar), Eibhlín Ní Bhaoill, Baile na Finne (An dara háit), Naoise Ní Dhuagáin, Céim Aniar agus Kara Ní Dhochartaigh, Scoil Ghlasáin (An tríú háit roinnte). Bhain Aobha an duais speisialta don iomaitheoir áitiúil is fearr chomh maith.*